An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin ar Cháipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta

Nollaig 2022

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ... - 4 -

CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ... - 5 -

Cur chuige modheolaíoch ... - 5 -

Freagraí comhairliúcháin ... - 5 -

CUID A DÓ: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ... - 7 -

Buanna agus dúshláin a bhaineann leis an siollabas reatha ... - 7 -

Deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó ar fud na sraithe sinsearaí ... - 8 -

Raon an ábhair ... - 9 -

Digitiú agus an saol gnó ... - 11 -

An suntas a bhaineann le cúrsaí eitice ... - 12 -

An tábhacht atá le forbairt scileanna ... - 13 -

Measúnú ar Ghnó na hArdteistiméireachta ... - 13 -

Réimsí eile plé ... - 15 -

CUID A TRÍ: PRÍOMHTHORTHAÍ D'FHORBAIRT ÁBHAIR ... - 16 -

CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ... - 18 -

TAGAIRTÍ ... - 19 -

AGUISÍN A ... - 20 -

## Réamhrá

Chun eolas a dhéanamh d'athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta mar ghné níos leithne d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí, réitíodh Cáipéis Eolais agus Treoir d'athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta. D'fhaomh an Chomhairle le haghaidh comhairliúcháin an Cháipéis Eolais seo ar an 16 Meitheamh 2022 agus bhí an comhairliúchán poiblí ar bun ón 5 Meán Fómhair go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Tugtar léargas sa Cháipéis Eolais ar an gcomhthéacs reatha ina bhfuil athbhreithniú agus athfhorbairt ar Ghnó na hArdteistiméireachta ar bun, lena n-áirítear breithniú ar fhorbairtí ábhartha beartas san oideachas agus i saol an ghnó. Feictear ansin ar an gcaoi a bhfreastalaítear ar oideachas gnó laistigh de churaclam na hÉireann sula ndírítear níos mine ar shiollabas Ghnó na hArdteistiméireachta. Sa cháipéis seo, tá léargas freisin ar an oideachas gnó go hidirnáisiúnta agus léirítear an chaoi a gcuirtear an réimse curaclaim seo ar fáil i gcúig dhlínse éagsúla sula bpléitear, mar fhocal scoir, le ceisteanna a aithníodh chun go ndéanfaí machnamh orthu i bhforbairt sonraíochta nua do Ghnó na hArdteistiméireachta. Ar deireadh, leagtar amach ann an treoir d'athfhorbairt churaclam Gnó na hArdteistiméireachta.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin don Cháipéis Eolais ná tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus ceisteanna a leagadh amach ar mhaithe le heolas a dhéanamh d'obair na Meithle Forbartha maidir le curaclam Gnó na hArdteistiméireachta a athfhorbairt.

Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus tugtar achoimre ansin ar an aiseolas a fuarthas, agus fiosraítear príomhthorthaí an chomhairliúcháin d'obair na Meithle Forbartha agus iad ag déanamh dul chun cinn sa phlé maidir le curaclam Gnó na hArdteistiméireachta a athfhorbairt.

# Cuid A hAon: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist le linn an chomhairliúcháin 8 seachtaine don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le hathfhorbairtGhnó na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne
- Grúpaí fócais ar mhaithe le tuiscint a fháil ar dhearcthaí scoláirí, lena n-áirítear rannpháirteachas le mic léinn tríú leibhéal agus le daoine a d'fhág an scoil le déanaí

Baineadh úsáid as cur chuige féinsamplála don suirbhé ar líne, aighneachtaí scríofa, agus seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne. Lorgaíodh, trí ghlaoch oscailte do gach scoil, léirithe spéise chun tacú le gné ghuth an scoláire den chomhairliúchán agus roghnaíodh go randamach ó liosta iarrthóirí na scoileanna a bhí páirteach. Bailíodh dearcthaí scoláirí a d'fhág an scoil le déanaí, lena n-áirítear mic léinn tríú bliana, tríd na grúpaí fócais freisin. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú na sonraí ó shampla ionadaíoch mór freagróirí, agus chuir imeachtaí aghaidh ar aghaidh deis ar fáil do phlé agus fiosrú níos cuimsithí maidir le ceisteanna a raibh machnamh le déanamh orthu.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin plé ar fad le linn grúpaí fócais agus cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na grúpaí fócais agus cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.


Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus é bunaithe ar na ceisteanna le cuimhneamh orthu faoi mar a leagadh amach sa Cháipéis Eolais. Chabhraigh sé seo na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a dó den tuarascáil seo.

## Freagraí comhairliúcháin

Cuireadh ceithre ghrúpa fócais réigiúnacha ar bun, dhá sheisiún i mBaile Átha Cliath, ceann i gCorcaigh, agus ceann i nGaillimh. Ghlac 34 múinteoir páirt sna grúpaí fócais seo.

Fuarthas 41 freagra ar an suirbhé ar líne agus theastaigh ó dheich n-eagraíocht (atá liostaithe in Aguisín A) go ndéanfaí iad a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a d'fhreagair an suirbhé. Tugtar forléargas ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne i bhFíor 1.

**Fíor 1: Forléargas ar fhreagraí ar an suirbhé ar líne**




*Sna cásanna inar aithníodh i níos mó ná catagóir amháin rannpháirtithe, liostaíodh i ngach ceann acu iad.

Thacaigh ceithre scoil le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán agus rinneadh 7 ngrúpa fócais le scoláirí san Idirbhliain agus sa séú bliain. Ghlac 57 scoláire san iomlán páirt i ngné ghuth an scoláire dara leibhéal den chomhairliúchán. Fuarthas dearcthaí 13 rannpháirtí trí rannpháirteachas breise le daoine a d'fhág an scoil le déanaí agus le mic léinn tríú leibhéal.

Fuarthas 5 aighneacht scríofa san iomlán ó pháirtithe agus ó eagraíochtaí a raibh spéis acu ann agus tá siad sin liostaithe in Aguisín A.

# Cuid a dó: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo, tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an chomhairliúchán ar bhuanna agus dúshláin shiollabas Gnó na hArdteistiméireacht (1996) atá ann faoi láthair a fhiosrú agus ar phlé na gceisteanna seo a leanas is gá a fhiosrú faoi mar atá leagtha amach sa Cháipéis Eolais (lgh 25-27):

- Deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó ar fud na sraithe sinsearaí
- Scóip an ábhair (lena n-áirítear forbairt na tuisceana airgeadais)
- Digitiú agus an saol gnó:
- An suntas a bhaineann le cúrsaí eitice
- An tábhacht atá le forbairt scileanna
- Measúnú ar Ghnó na hArdteistiméireachta

Léirítear réimsí eile nach ndearnadh comhairliúchán orthu ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt an ábhair sa chuid seo den tuarascáil freisin.

## Buanna agus dúshláin a bhaineann leis an siollabas reatha

D'aithin rannpháirtithe roinnt buanna a bhaineann leis an siollabas reatha agus measadh go bhfuil fairsinge an chúrsa iontach dearfach. Síleadh go bhfuil staidéar ar Ghnó an-ábhartha don fhíorshaol, tábhachtach i saol na scoláirí agus cabhrach i dtaca le réimse de scileanna saoil a fhorbairt. Luaigh go leor rannpháirtithe gur bua é go bhfuil Gnó na hArdteistiméireachta inrochtana do na scoláirí ar fad, agus luadh an chaoi ar féidir le scoláirí nach ndearna Staidéar Gnó sa tSraith Shóisearach Gnó na hArdteistiméireachta a roghnú fós.

Pléadh freisin méid an ábhair sa siollabas reatha agus a struchtúr. Bhí tuairimí éagsúla ann i measc na rannpháirtithe, agus luaigh cuid acu go raibh an siollabas reatha sásúil do 180 uair an chloig agus bhraith daoine eile go raibh an iomarca ábhar le clúdach sa siollabas don am a chuirtear ar fáil. Ó thaobh struchtúr de, shíl líon beag rannpháirtithe gur bua é an cur chuige aonadbhunaithe ó thaobh shoiléire an struchtúir de ach bhraith rannpháirtithe eile go raibh sé neamheagraithe agus gur mhinic a tháinig cur chuige neamh-chomhtháite i leith na pleanála mar thoradh air. Bhain cuid de na buanna eile a phléigh rannpháirtithe le measúnú agus déantar tuilleadh plé orthu seo sa chuid thíos maidir le Measúnú Ghnó na hArdteistiméireachta.

Tarraingíodh aird ar roinnt dúshlán a bhaineann leis an siollabas reatha le linn an chomhairliúcháin freisin. Luaigh líon suntasach rannpháirtithe gur dúshlán faoi leith é an bhéim ar an teoiric agus ar an méid teoirice atá sa chúrsa. Measadh gur an iomarca eolais an toradh a bhíonn air seo, agus ar an gcaoi sin go mbaintear ó na deiseanna le scileanna smaointeoireachta criticiúla, réitithe fadhbanna agus anailíse a fhorbairt, mar ní bhíonn a ndóthain ama ná an spás ag scoláirí lena gcuid smaointe a fhorbairt. Síleadh go mbaineann tábhacht le deis a chur ar fáil d'úsáid fhíorshaoil fhoghlaim an scoláire ionas gur féidir leis na scoláirí ábharthacht a bhfoghlama a thuiscint, seachas béim a choimeád ar ábhar ar nós liostaí téarmaí, sainmhínithe agus buntáistí agus míbhuntáistí a fhoghlaim.

*'The current syllabus is too exam focussed leading to a lack of encouragement to think outside the box.' (Aighneacht scríofa, MGO NUIG, Bliain 2)*

Measadh go gcuireann nádúr '*trom ó thaobh téacs de*' an tsiollabais reatha le scoláirí ag cur líon mór teoiricí de ghlanmheabhair agus iad ag ullmhú don scrúdú. Bhí frustrachas ar mhúinteoirí agus ar scoláirí araon mar gheall air seo, agus chreid siad go raibh nádúr an scrúdaithe ag cur leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair seachas ag cur spás ar fáil le haghaidh úsáid chruthaitheach na foghlama nó brí a bhaint aisti agus bhraith roinnt rannpháirtithe go raibh baint ag struchtúr an tsiollabais leis chomh maith.

*'There is a tendency for the current syllabus to be broken down into disparate chunks that are rote learned for examination purposes and not seen for the part they play in the modern business world.' (Freagra ón suirbhé ar líne)*

Cé gur tharraing formhór na rannpháirtithe sa chomhairliúchán aird ar '*ábharthacht fhíorshaoil*'' Ghnó na hArdteistiméireachta, síleadh freisin go bhfuil an siollabas reatha '*ina stad*' agus '*as dáta*' i gcomhthéacs an tsaoil ghnó dhinimiciúil, rud a bhíonn ag athrú go tapa, agus go bhfuil gá ann le nuashonrú a dhéanamh ar an ábhar le go dtiocfadh sé níos mó le timpeallacht an 21ú haois. Bhain dúshláin eile a d'aithin rannpháirtithe an chomhairliúcháin le cuir chuige reatha i leith an mheasúnaithe. Déantar níos mó plé ar na gnéithe seo sna codanna ábhartha thíos.

## Deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cúrsaí gnó ar fud na sraithe sinsearaí

Le linn an chomhairliúcháin ar an iomlán, síleadh go mbaineann luach leis an bhfoghlaim traschuraclaim a d'fhéadfaí a dhéanamh sa tsraith shinsearach. D'aithin rannpháirtithe naisc le réimse d'ábhair lena n-áirítear Eacnamaíocht, Cuntasaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic, Polaitíocht agus Sochaí, agus Tíreolaíocht. Luadh freisin, áfach, go bhfuil sé ríthábhachtach a chinntiú go mbíonn aon deis d'fhoghlaim a bhaineann le gnó soiléir agus nach mbeadh an iomarca trasnála mar thoradh uirthi.

*'Ní mór a aithint go mbíonn baint ag eilimintí áirithe d'ábhar an Ghnó le hábhair eile [...] agus go mbíonn comhthreomharachtaí áirithe eatarthu agus is gá a dheimhniú nach dtarlóidh róphlódú nó an iomarca trasnaíle eatarthu'. (Aighneacht scríofa ó COGG)*

Braitheadh freisin go mbaineann tábhacht le múinteoirí ábhar eile a bheith ar an eolas maidir lena bhfoghlaimíonn scoláirí sa Ghnó ionas go mbíonn eispéireas foghlama níos soiléire acu agus ionas gur féidir leo tógáil ar an méid a d'fhoghlaim siad roimhe:

*'Teachers [of Business] might be aware of the links within the business subjects but perhaps it needs to be clearer across other subjects'. (Rannpháirtí grúpa fócais réigiúnach)*

Rinneadh plé suntasach maidir le Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus bhraith rannpháirtithe go raibh roinnt deiseanna don fhoghlaim a bhaineann le gnó sa chlár seo sna Nascmhodúil Saol na hOibre agus Fiontraíocht. Braitheadh go mbaineann luach le gné taithí oibre chlár GCAT agus go mbainfeadh scoláirí Ghnó na hArdteistiméireachta tairbhe as roinnt taithí phraiticiúil ar an áit oibre agus ar shaol na hoibre. É sin ráite, luadh freisin an dúshlán a bhaineann le taithí oibre phraiticiúil agus ábhartha a aimsiú. Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí béim a

leagan ar chuairteanna lasmuigh den láthair foghlama agus ar aoichainteoirí faoi mar a leagtar amach in GCAT, go bhféadfadh sé é sin a bheith tairbheach don fhoghlaim sa seomra ranga Gnó. Pléadh le linn an chomhairliúcháin freisin trasnáil a d'fhéadfadh a bheith ann leis an bhfoghlaim ghnó san Idirbhliain (IB), agus luaigh roinnt rannpháirtithe gur gá a bheith cúramach gan an iomarca béime a leagan ar an oideachas fiontraíochta mar bhraith siad go leagtar béim shuntasach ar chomhlachtaí beaga a bhunú san Idirbhliain agus in GCAT araon. É sin ráite, aontaíodh ar an iomlán gur cheart scileanna taighde, nuálaíochta agus cruthaitheachta a fhorbairt chun tacú le *meon fiontraíochta*.

Rinneadh roinnt plé maidir le sinéirgí idir Eacnamaíocht, Cuntasaíocht agus Gnó mar ábhair Ardteistiméireachta. Bhraith roinnt rannpháirtithe gur cheart do scoláirí Gnó tuiscint níos fearr a fhorbairt ar thionchar an gheilleagair ar shaol an Ghnó. Mhol rannpháirtithe eile gur cheart do na réamhaisnéisí agus cóimheasa sreafa airgid ar an siollabas reatha díriú níos mó ar anailís a dhéanamh ar agus tuiscint a fháil ar staid na heagraíochta agus ar réitigh fhéideartha a mholadh.

## Raon an ábhair

Bhí nádúr dinimiciúil shaol an ghnó ina spreagadh le tuilleadh plé a dhéanamh ar scóip an ábhair. Díríodh le linn plé tosaigh ar an raon féideartha de réimsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa tsonraíocht nua. Bhí na rannpháirtithe ar fad sa chomhairliúchán ag iarraidh a chinntiú go seasfadh an tsonraíocht nua an t-am trí mhachnamh a dhéanamh ar réimsí foghlama a cuireadh san áireamh sa tsonraíocht dheireanach agus trí aitheantas a thabhairt freisin don éabhlóid ghasta i ndomhan an ghnó. Luadh go bhféadfadh cás-staidéir agus cásanna ábhartha a bheith úsáideach maidir leis seo. Luaigh rannpháirtithe freisin an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sonraíocht ró-ualaithe ar theagasc, foghlaim agus measúnú:

> *'Members who expressed a view were generally happy with these elements [the Scope discussion within the Background Paper] although it was pointed out that the amount of 'subject content' must not be so great that it undermines the possibility for creative and engaging teaching and learning approaches. (Aighneacht scríofa, Cumann Múinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann)*

Rinneadh plé suntasach ar na féidearthachtaí atá ann sa Ghnó chun tuiscint níos doimhne ar shaol na hoibre a chothú, agus luadh gur gá do scoláirí tuiscint a fháil ar áit oibre an 21ú haois a bhfuil athruithe suntasacha tagtha uirthi ó forbraíodh an siollabas reatha. Braitheadh gur cheart go mbeadh scoláirí, tríd an staidéar ar an nGnó, níos ullmhaithe don áit oibre agus gur cheart go mbeadh tuiscint acu ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn fostaithe, ceannairí agus bainisteoirí i gcomhthéacs ilchineálacht thimpeallacht gnó an 21ú haois.

Pléadh freisin an tábhacht a bhaineann le tuiscint a bheith ag na scoláirí ar reachtaíocht a bhaineann leis an áit oibre, agus cuireadh roinnt cúiseanna imní in iúl maidir le nádúr dinimiciúil na reachtaíochta agus na hathruithe cuí ar an reachtaíocht a chur in iúl le soiléireacht a chinntiú don scrúdú. Moladh mar réiteach féideartha úsáid a bhaint as hipearnaisc chun liosta a choimeád den reachtaíocht chuí. Shíl scoláirí go mbaineann tábhacht níos mó leis an reachtaíocht a thuiscint i gcomhthéacs seachas achoimrí ar dhlíthe éagsúla a fhoghlaim, agus mhol roinnt múinteoirí go ndéanfaí an reachtaíocht a chomhtháthú i dtopaicí ábhartha. Braitheadh go gcabhródh sé seo le scoláirí an reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus a thuiscint seachas í a '*fhoghlaim de ghlanmheabhair*' agus, ar an gcaoi sin, go bhforbródh scoláirí tuiscint níos doimhne ar an reachtaíocht ábhartha dóibh féin agus d'eagraíochtaí freisin. Tarraingíodh aird ar an ngá le tuiscint

ar reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta chomh maith leis an ngá go mbeadh scoláirí níos feasaí ar an gcosaint sonraí.
Aontaíodh ar an iomlán gur cheart do scoláirí foghlaim faoi ghnéithe an ghnó atá ábhartha dá saol féin, dá gceantar áitiúil, go náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta. Rinneadh mionphlé ar thopaic an fhiontair agus na fiontraíochta le linn an chomhairliúcháin freisin. Braitheadh gur gá don fhiontar dul ó fhoghlaim faoi scileanna agus tréithe fostóirí agus bunú gnólachta. Is gá go dtuigfeadh scoláirí na buntáistí a bhaineann leis an bhfiontraíocht agus go bhforbróidís meon fiontraíochta, mar bíonn luach ar nuálaíocht agus cruthaitheacht i ngach réimse fostaíochta, faoi mar a luadh sa straitéis *Nuálaíocht 2020* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA):

*'Ní mór béim faoi leith a chur ar an ídiú agus ar an nuálaíocht sa tsonraíocht nua – ionas gur féidir scoláirí a chumasú leis na scileanna cruthaitheacha fiontraíochta cuí, chun aghaidh a thabhairt go cumasach ar réimse an ghnó agus na láithreach oibre i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil.' (Aighneacht scríofa ó COGG)'*

Pléadh freisin an fhéidearthacht go dtabharfadh scoláirí faoi staidéir indéantachta, agus gur gá a bheith cúramach nach ndéanfaí róshimpliú ar an bhfiontraíocht go dtí rud nach mbeadh i gceist leis ach gnólacht bheag a reáchtáil, nó measadh gur ghnéithe riachtanacha iad giniúint smaointe, taighde a dhéanamh agus iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht agus gnó á thosú nó á leathnú.

Rinneadh roinnt plé maidir leis na réimsí foghlama atá leagtha amach in Aonaid 6 agus 7 den siollabas reatha (Timpeallacht Intíre agus Timpeallacht Idirnáisiúnta). Bhraith roinnt scoláirí go raibh gnéithe seo an chúrsa deacair agus bhraith scoláirí eile go raibh siad seo '*leadránach*' mar gheall ar an tuiscint a bhí acu nach bhfuil i gceist leo ach ábhar a chur de ghlanmheabhair. Síleadh go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh scoláirí an chaoi a n-imríonn an geilleagar agus cinntí a dhéanann an Rialtas tionchar ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí araon. De bhreis air sin, aontaíodh a bheag nó a mhór gur cheart go dtuigfeadh scoláirí deiseanna agus dúshláin an domhandaithe, agus ballraíocht i mbloic thrádála ar nós an AE.

Aithníodh go forleathan sa chomhairliúchán an tábhacht a bhaineann le tuiscint airgeadais na scoláirí a fhorbairt, ach bhí tuairimí éagsúla ann, áfach, maidir leis an mbealach is fearr leis seo a bhaint amach. Bhraith roinnt rannpháirtithe nár chóir go mbainfeadh sé seo leis an nGnó amháin, ós rud é gur scil saoil í an tuiscint airgeadais, agus gur cheart do na scoláirí ar fad na scileanna seo a fhoghlaim. Bhraith roinnt rannpháirtithe gur gné shuntasach de shonraíocht reatha Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí í an tuiscint airgeadais agus go mbíonn deiseanna ann freisin na scileanna seo a fhorbairt san Idirbhliain (IB) ach luaigh rannpháirtithe eile nach mbeadh staidéar déanta ar Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí ag gach scoláire ná nach mbeadh clár tuisceana airgeadais curtha de gach scoláire mar chuid den IB. Measadh gur príomhréimsí iad cánachas, iasachtaí, agus coigiltis agus infheistíocht ó thaobh na tuisceana airgeadais pearsanta de agus gur gá go bhféadfadh scoláirí cinntí a bhfuil bonn eolais leo a dhéanamh. Braitheadh freisin gur cheart do scoláirí scileanna anailíse sa réimse seo a fhorbairt seachas díriú ar an teoiric amháin:

*'We welcome the emphasis in the Background Paper on financial literacy and financial resilience. We would like to see the application of knowledge, the development of competences, and decision-making abilities become a core function of the Business Specification. (Aighneacht scríofa, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)*

Luadh freisin an fhéidearthacht an creat inniúlachta airgeadais AE-ECFE-Gréasán-Idirnáisiúnta-Um-Oideachas-Airgeadais (GIOA) a úsáid chun tacú le forbairt na tuisceana airgeadais:

*'[The EC OECD INFE] framework will offer practitioners opportunities to develop competencies that foster financial literacy in key areas such as: digitalisation, entrepreneurship, sustainable finance, and society (Aighneacht scríofa, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí)*

Bhraith roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúcháin gur cheart d'fhorbairt na tuisceana airgeadais dul níos faide ná an tuiscint airgeadais phearsanta agus go bhfuil gá ann le tuiscint níos fearr ar litearthacht gnó, lena n-áirítear cur isteach ar airgeadas, cáin, agus béim níos mó ar rioscaí a ghlacadh.
Aithníodh mar ghné thábhachtach den tuiscint airgeadais an gá atá le tuiscint airgeadais dhigiteach a fhorbairt agus déantar tuilleadh plé air seo sa chuid thíos maidir le Digitiú agus an saol gnó.

Rinneadh plé freisin ar an tábhacht a bhaineann leis an tuiscint ar thionchar na teicneolaíochta ar shaol an ghnó agus ar thábhacht eitice agus inbhuanaitheachta agus scóip an ábhair á plé. Déantar plé ar na torthaí seo i nDigitiú agus an saol gnó agus in An suntas a bhaineann le cúrsaí eitice araon.

## Digitiú agus an saol gnó

D'aontaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin d'aon ghuth gur ghá go mbeadh an dul chun cinn teicneolaíochta atá le brath i ndomhan an ghnó, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha cosúil leo siúd a bhfuil an Ceathrú Réabhlóid Thionsclaíoch á cur chun cinn acu, le brath sa tsonraíocht nua.

Measadh go bhfuil an bhéim reatha ar an teicneolaíocht as dáta, go háirithe i réimsí ar nós na cumarsáide agus na margaíochta. Mhol scoláirí go ndéanfaí an fhoghlaim ar an gcumarsáid a nuashonrú le bheith ag teacht le sochaí dhigiteach atá níos nasctha le chéile. Ó thaobh na margaíochta de, phléigh múinteoirí an chaoi a bhfuil na ceithre '4 P' thraidisiúnta athraithe go hiomlán le teacht an digitithe agus phléigh scoláirí an tábhacht a bhaineann leis na hardáin shóisialta, tábhacht an rialaithe, agus tionchar tionchairí:

*'Business is moving into online marketing, which is harder to regulate, which is important to learn about. It needs to be more practical and modern than what we currently learn.' (Rannpháirtí grúpa fócais na scoláirí)*

Bhraith rannpháirtithe gur cheart foghlaim faoi dhigitiú a chomhtháthú i ngach réimse foghlama sa Ghnó seachas é a aonad foghlama dá chuid féin a dhéanamh de. Bhain moltaí eile le téama trasnach a dhéanamh den digitiú, rud a ligfeadh do scoláirí machnamh a dhéanamh ar thionchar na teicneolaíochta ar ghnéithe éagsúla den ghnó. Tríd an bplé seo, leagadh béim shuntasach ar an ngá go mbeadh scoláirí anailíseach agus iad ag foghlaim faoi theicneolaíocht mar gur féidir léi dea-thionchar agus drochthionchar a bheith aici ar dhomhan an ghnó.

*'Students should develop an understanding on how to utilise technology to create a better future for generations, opportunities for innovation (goods & services), ways we work, social goods and consider the diverse and complex challenges e.g.,*

*inequitable society and ethical implications' (Aighneacht scríofa, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)*

Pléadh go mór le linn an chomhairliúcháin tábhacht an digitithe ó pheirspictíocht an tomhaltóra agus teacht na teicneolaíochta ag athrú an chaoi ina bhfaigheann muid earraí agus seirbhísí araon. Bhraith scoláirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán gur gné thábhachtach de ghnó an 21ú haois é seo agus gur cheart go mbeadh an dul chun cinn maidir le teicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear ríomhthráchtáil, baincéireacht dhigiteach agus ar líne, agus criptea-airgeadra, le brath sa tsonraíocht nua. Luaigh go leor rannpháirtithe gur réimse é seirbhísí airgeadais a mbaineann tábhacht faoi leith leis:

*'Personal finance is becoming increasingly digitalised with digital access and digital literacy becoming vitally important for financial well-being' (Aighneacht scríofa, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí)*

Aontaíodh gur léirigh tionchar Covid-19 an tionchar atá imeartha ag digitiú ar shaol na hoibre agus ar na bealaí oibre atá againn agus ar an gcaoi a gcuirtear gnó i gcrích freisin:

*'Chonacthas go paiteanta an tionchar dearfach a d'imir féidearthachtaí na teicneolaíochta le linn na paindéime Covid-19 agus mar a thug an ghéarchéim ardán forbartha do lucht gnó agus fórsaí oibre maidir le feidhmiú na cianoibre agus na hoibre hibridí.' (Aighneacht scríofa ó COGG)*

## An suntas a bhaineann le cúrsaí eitice

Go ginearálta, d'aontaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin go mbeadh eitic agus inbhuaine ina n-ábhar plé ábhartha agus tábhachtach agus sonraíocht nua á forbairt. Measadh ar an iomlán go raibh an cur chuige reatha i leith eitice sa siollabas easpach agus as dáta agus gur gá go mbeadh sé níos ábhartha do thimpeallacht reatha an ghnó agus go ndíreofaí ar réimsí amhail an tomhaltas eiticiúil inbhuanaithe, an áit oibre eiticiúil, agus tábhacht chleachtais ghnó eiticiúla inbhuanaithe. Síleadh forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla a bheith tábhachtach i dtaca le bheith ag tacú le scoláirí a bheith níos feasaí go criticiúil:

*'Business responsibility is at the fore now in relation to ethics and sustainability. This needs to form part of a core component of the new specification around business actions, impact & consumer decision-making.' (Freagra suirbhé ar líne))*

Pléadh go mór le linn an chomhairliúcháin cás-staidéir a úsáid sa réimse seo chun tacú leis an bhfoghlaim agus luadh go dtacódh an cur chuige seo le forbairt scileanna anailíse freisin. Bhraith scoláirí go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann eitic gnólachta a cheistiú, go háirithe mar gheall ar '*snas glas*' agus gnólachtaí á margú féin mar ghnólachtaí eiticiúla inbhuanaithe.

Bhraith formhór na rannpháirtithe go bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn scoláirí faoi eitic ó pheirspictíocht gnó agus phearsanta freisin, agus luaigh roinnt rannpháirtithe forbairt tuairimí agus luachanna agus an tionchar a imríonn siad ar an gcinnteoireacht:

*'Definition of what a useful Business Senior Cycle student [should] look like by 18 years of age – a force for good in the world, not just self-interest and profit'* *(Aighneacht scríofa, MGO OÉG Bliain 2)*

Aontaíodh a bheag nó a mhór gur cheart eitic agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú i dtorthaí foghlama na sonraíochta seachas réimse neamhspleách foghlama a dhéanamh de. Mhol roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán go ndéanfaí téamaí trasnacha d'eitic agus inbhuanaitheacht sa tsonraíocht nua, agus mhol rannpháirtithe eile go bhféadfaí an réimse foghlama seo a chomhtháthú mar chuid de shnáithe aontaitheach.

## An tábhacht atá le forbairt scileanna

D'aithin na rannpháirtithe ar fad sa chomhairliúchán na féidearthachtaí a bhaineann le Gnó i dtaca le bheith ag tacú le scoláirí i réimse scileanna atá ábhartha dá saol féin agus do shaol an ghnó a fhorbairt, rud a chumasódh iad do staidéar breise, obair, oiliúint, agus an saol go ginearálta, ach aithníodh go mbaineann tábhacht freisin le heolas agus tuiscint chun bunús a chur ar fáil d'úsáid na scileanna seo. Cé gur aithníodh go dtugtar deiseanna sa siollabas reatha do scoláirí chun scileanna saoil a fhorbairt, braitheadh freisin go bhféadfadh féidearthachtaí suntasacha a bheith ann do scoláirí i dtaca le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar réimse scileanna ar nós na cumarsáide, taighde, anailíse, smaointeoireachta criticiúla, agus measúnaithe.

*'I would like to learn more about analysing business structures – we are learning about businesses but not really analysing or applying the knowledge.' (Rannpháirtí grúpa fócais na scoláirí)*

Bhraith go leor rannpháirtithe gur cheart do mbeadh deis ag scoláirí tógáil ar na príomhscileanna a d'fhorbair siad le linn na sraithe sóisearaí agus gur cheart go ndéanfaí iad sin a chothú tríd na Measúnaithe Rangbhunaithe. Tharraing scoláirí aird freisin ar an ngá atá le bheith ag foghlaim faoin gcaoi le bheith ag obair mar chuid d'fhoireann, lena n-áirítear obair le daoine '*a bhfuil sé deacair obair leo*' mar gur scil thábhachtach é seo don saol agus do shaol na hoibre go háirithe.

Bhraith rannpháirtithe an chomhairliúcháin gurbh é an rud ab éifeachtaí ná glacadh le cur chuige comhtháite i leith forbairt scileanna agus go mbeadh sé tábhachtach go ndéanfaí na scileanna seo a aithint agus go mbeidís luachmhar i gcuir chuige i leith an mheasúnaithe shuimithigh. Bhraith scoláirí freisin go mbeadh sé tábhachtach go gcothófaí na scileanna seo mar chuid den teagasc agus foghlaim leantach seachas breathnú orthu go teoiriciúil, agus gur cheart go mbeadh deiseanna ann na scileanna seo a fhorbairt thar dhá bhliain na sraithe sinsearaí.

## Measúnú ar Ghnó na hArdteistiméireachta

Thaitin úsáid cás-staidéar mar chur chuige i leith an teagaisc, na foghlama, agus an mheasúnaithe le múinteoirí agus le scoláirí araon a bheag nó a mhór, mar go n-éascaíonn sé seo plé níos doimhne ar na topaicí agus tuiscint ar an gcaoi a bhfuil siad nasctha. É sin ráite, bhraith rannpháirtithe go mbeadh úsáid cás-staidéar níos nua-aimseartha réadúla níos spreagúla, agus go bhféadfadh cás-staidéir a bheith ina n-uirlis le tuiscint níos fearr a fhorbairt maidir le gnó sa phobal áitiúil. Luaigh roinnt rannpháirtithe an cur chuige i leith cás-staidéar a úsáidtear i scrúdú deiridh GCAT, áit a gcuirtear an cás-staidéar ar fáil roimh an scrúdú. Bhraith roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí é seo a scrúdú mar ghné de mheasúnú na sonraíochta nua mar go dtabharfadh sé deis do scoláirí eolas a

fháil ar théacs an chás-staidéir agus go bhféadfaí cásanna níos faide, níos mionsonraithe, agus níos réadúla a úsáid:

> *'The case study is not provided in advance unlike LCVP, which causes anxiety in Business students. If you got the case study in advance students could have time to prepare and they would be comfortable and familiar with it.' (Rannpháirtí grúpa fócais réigiúnach)*

Cé nár dhírigh an comhairliúchán go sonrach ar pháipéar reatha an scrúdaithe deiridh, tugadh réimse leathan de thuairimí agus dearcthaí ar na socruithe reatha. Dúirt múinteoirí agus scoláirí araon gur bua é líon na roghanna ó thaobh ceisteanna de sa scrúdú reatha. É sin ráite, chuir líon beag rannpháirtithe imní in iúl go dtacaíonn an struchtúr reatha le scoláirí ceisteanna a bhaineann le timpeallachtaí gnó intíre agus idirnáisiúnta a sheachaint. Léiríodh tuairimí measctha maidir leis an gCeist ar Ghnó Feidhmeach a bhíonn le déanamh ar pháipéar an Ardleibhéil, agus bhraith roinnt rannpháirtithe gur bua é seo a bhaineann leis an gcúrsa reatha agus bhraith rannpháirtithe eile gur féidir feabhas a chur ar an ngné seo. Bhraith scoláirí a thug faoin Ardteistiméireacht le déanaí go raibh an Cheist ar Ghnó Feidhmeach '*ródheifreach*' ach go raibh sé níos fearr ceisteanna ar nós na ceiste seo, inar chuir tú do chuid eolais i bhfeidhm, a bheith ann, seachas ceisteanna nach ndearna measúnú ach ar an méid arbh fhéidir leat cuimhneamh air.

Braitheadh go mbaineann deiseanna agus dúshláin le leagan amach reatha an scrúdaithe deiridh. Dúirt roinnt múinteoirí gur gné dhearfach an scrúdaithe é soiléire an struchtúir. Bhraith múinteoirí agus scoláirí araon gur spreag cineálacha na gceisteanna ar an scrúdú foghlaim de ghlanmheabhair líon ard teoirice agus gurbh annamh a thug siad deis do scoláirí a gcuid tuairimí nó peirspictíochtaí féin a chur in iúl. Braitheadh freisin gur chuir an bhéim shoiléir ar eochairfhocail agus ar an téarmaíocht bac roimh úinéireacht an scoláire ar an bhfoghlaim mar go mbraitear gur gá na ceisteanna a fhreagairt ar bhealach a ghnóthódh an líon is airde marcanna sa scrúdú:

> *'There is a little bit of a challenge with the case study as you have to apply your learning– but the marking scheme is really harsh – key words rule everything, and you couldn't be creative with your answers.' (Rannpháirtí grúpa fócais na scoláirí)*

Rinneadh plé suntasach le linn an chomhairliúcháin ar an dara gné mheasúnaithe a thabhairt isteach sa Ghnó. D'fháiltigh formhór na rannpháirtithe roimh an bhforbairt seo agus braitheadh gur tháinig sé le hábhair eile na hArdteistiméireachta. Braitheadh gur deis a bheadh sa dara gné mheasúnaithe an brú a bhaineann le páipéir scrúdaithe 3 uair an chloig a laghdú, réimse scileanna nach ndéanann an scrúdú deiridh reatha measúnú ceart orthu a mheas agus marcanna a bhronnadh orthu, agus deis b'fhéidir a thabhairt do scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar réimse gnó a bhfuil spéis acu féin ann. D'fháiltigh scoláirí a bheag nó a mhór le tabhairt isteach an dara gné mheasúnaithe mar bhealach leis an mbéim ar an scrúdú deiridh a laghdú; mar bhealach le hardán a chur ar fáil le réimse scileanna a léiriú; agus mar bhealach le deis a thabhairt dóibh rud éigin '*níos praiticiúla*' a dhéanamh.

D'easaontaigh líon beag rannpháirtithe le tabhairt isteach an dara gné mheasúnaithe agus b'fhearr leo béim ar leith ar scrúdú deiridh. Phléigh roinnt rannpháirtithe sa chomhairliúchán cúiseanna imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an dara gné mheasúnaithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear am (cathain a dhéanfar an measúnú agus cén chaoi le barraíocht trasnála le measúnuithe in ábhair eile a sheachaint), ualú, iontaofacht, cothroime, agus bailíocht.

Rinneadh go leor plé freisin ar leagan amach an dara gné, agus bhí rannpháirtithe ag súil go ndéanfadh an dream a bhfuil an ghné nua seo á forbairt acu iniúchadh ar réimse struchtúr. I measc na moltaí a rinne rannpháirtithe sa chomhairliúchán, bhí féidearthacht an ghné a chur ar fáil i bhformáidí digiteacha nó ilmhódacha, agus roghanna a thabhairt do scoláirí rud éigin a bhfuil spéis acu ann a roghnú. Luadh freisin go bhféadfadh an ghné seo deis a thabhairt do scoláirí foghlaim faoin ngnó ina gceantar áitiúil trí thabhairt faoi staidéar indéantachta nó cás-staidéir áitiúla a fhorbairt.

## Réimsí eile plé

Tharraing rannpháirtithe an chomhairliúcháin aird ar an ngá atá le tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna sula gcuirtear an tsonraíocht nua i bhfeidhm agus le linn chur i bhfeidhm na sonraíochta, lena n-áirítear an gá atá le tacaíochtaí cuimsitheacha oiliúna gairmiúla do mhúinteoirí. Luaigh roinnt rannpháirtithe an gá atá le soiléire maidir leis na torthaí foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht freisin. Luadh freisin gur cheart do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge rochtain a bheith acu ar acmhainní de réir mar a chuirtear ar fáil iad do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta nua.

Dhírigh múinteoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán go háirithe ar shoiléire maidir le measúnú, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le hábhair mheasúnaithe shamplacha, páipéir scrúdaithe shamplacha, agus foilsiú tráthúil cáipéisí eolais don dara gné mheasúnaithe.

# Cuid a Trí: Príomhthorthaí d'fhorbairt ábhair

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfáiltítear roimh athfhorbairt Ghnó na hArdteistiméireachta, go bhfuil sé tráthúil, agus go dtugann an Cháipéis Eolais agus Treoir d'athbhreithniú an ábhair léargas cuimsitheach ar na ceisteanna a mbeidh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh orthu. Aithnítear sa chuid seo den tuarascáil roinnt príomhthorthaí d'athfhorbairt an ábhair, agus iad ag eascairt as an gcomhairliúchán.

### Raon an ábhair

Beidh ar an Meitheal Forbartha a bheith aireach ar fhairsinge na sonraíochta lena chinntiú gur féidir an fhoghlaim a leagtar amach a theagasc agus a mheas laistigh d'íosmhéid 180 uair an chloig agus trína dhéanamh seo, beidh plé le déanamh ar aidhm an Ghnó mar ábhar agus ar na réimsí foghlama a síltear iad a bheith tábhachtach agus ábhartha do scoláirí. Tá gá freisin lena chinntiú go bhfuil an tsonraíocht nua insroichte agus dúshlánach do na scoláirí ar fad agus go dtagann an fhoghlaim a leagtar amach inti le timpeallacht ghnó an 21ú haois a dtagann athruithe uirthi go leanúnach.

### Deiseanna d'fhorbairt scileanna

Ba cheart do na torthaí foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht nua deiseanna a thabhairt do scoláirí eolas agus tuiscint ar shaol an ghnó a fhorbairt, chomh maith lena iarraidh ar scoláirí an t-eolas agus tuiscint seo a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach, feasacht chriticiúil a fhorbairt, agus a bheith rannpháirteach i meastóireacht de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh deis ag scoláirí a thugann faoi Ghnó na hArdteistiméireachta réimse leathan scileanna a fhorbairt atá ábhartha dá saol laethúil, do shaol na hoibre, do bhreis staidéir agus oiliúna agus dá ngnó féin a thosú.

### Nádúr dinimiciúil shaol an ghnó

Is gá go mbeidh nádúr dinimiciúil dhomhan an ghnó le brath i dtorthaí foghlama na sonraíochta nua agus ba cheart iad a fhorbairt ar bhealach a chinntíonn nach mbeidh siad as dáta go mear. Beidh aird faoi leith le díriú ar an gcaoi a leagtar reachtaíocht amach sa tsonraíocht lena chinntiú go mbíonn múinteoirí agus scoláirí ar an eolas faoi nuashonruithe ábhartha ar an reachtaíocht, ar mhaithe leis an measúnú go háirithe. Tá sé tábhachtach go mbeidh níos mó ná béim ar an teoiric agus ábhar amháin sa tsonraíocht nua agus go mbeidh an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht chriticiúil na scoláirí san fhoghlaim le brath inti, agus is gá machnamh a dhéanamh ar bhéim níos mó a leagan ar eitic, inbhuanaitheacht, agus tionchar an digitithe, agus plé a dhéanamh ag an am céanna ar an gcaoi leis an tuiscint airgid a chothú.

### Struchtúr na sonraíochta

Síltear go bhfuil sé tábhachtach go dtacódh struchtúr an chúrsa le comhtháthú réimsí éagsúla foghlama d'fhonn eispéireas soiléir foghlama a chinntiú go na scoláirí agus le cabhrú le pleanáil an mhúinteora. Chomh maith leis sin, ba cheart do struchtúr an chúrsa forbairt scileanna a chothú, agus tacú le scoláirí i dtaca le tuiscint a fhorbairt de réir a chéile ar an gcaoi a mbíonn an gnó ábhartha ina saol laethúil, don phobal áitiúil, agus go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### Féidearthacht an dara gné mheasúnaithe

Baineann féidearthachtaí suntasacha don ábhar le tabhairt isteach an dara gné mheasúnaithe. Beidh ar an Meitheal Forbartha plé a dhéanamh ar raon réimsí féideartha don mheasúnú agus iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna éagsúla measúnaithe ar mhaithe le gné bhailí, iontaofa, agus

chothrom a fhorbairt a thacaíonn le scoláirí i dtaca le réimse scileanna a fhorbairt agus a léiriú agus a fhéadfaidh deis a chur ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnó ina gceantar áitiúil.

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Ghin an comhairliúchán maidir le Cáipéis Eolais agus Treoir d'athfhorbairt Ghnó na hArdteistiméireachta plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Léirigh caighdeán na bhfreagraí ar an gcomhairliúchán rannpháirteachas suntasach leis an gCáipéis Eolais agus léiríonn na tuairimí stuama agus machnamhacha a luachmhaire is atá Gnó na hArdteistiméireachta dar le rannpháirtithe an chomhairliúcháin.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna grúpaí fócais, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile a d'éascaigh do mhúinteoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí grúpaí fócais agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis comhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí a léiríodh sa tuarascáil treoir agus stiúir don Mheitheal Forbartha a tugadh le chéile le déanaí le tabhairt faoi shonraíocht nua a fhorbairt do Ghnó na hArdteistiméireachta. Leanfaidh an Mheitheal Forbartha seo dá cuid oibre, a mbeidh na torthaí a leagadh amach sa tuarascáil seo mar bhonn léi, agus síltear go mbeidh dréachtshonraíocht churaclaim ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí sa tríú ráithe de 2023.

## Tagairtí


Rialtas na hÉireann (1996) Siollabas Gnó ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/e2b1a4ce-1448-48b7-94d8-94738973a751/SCSEC08_Business_Syllabus_Gaeilge.pdf (faighte ar an 2 Samhain 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022) Plean Straitéiseach 2022-2025 ar fáil ag https://ncca.ie/media/5517/plean-straiteiseach-2022-2025.pdf [faighte 2 Samhain 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) Beartas Cosanta Sonraí ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdf [faighte 3 Samhain 2022]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) Straitéis Taighde ar fáil ag: https://ncca.ie/ga/foilseach%C3%A1in-taighde/strait%C3%A9is-taighde/ [faighte 4 Samhain 2022]

# Aguisín A

Mar chuid den chomhairliúchán don Cháipéis Eolais agus Treoir maidir le Gnó na hArdteistiméireachta, theastaigh ó na heagraíochtaí seo a leanas go n-aithneofaí iad i gcomhthéacs eagraíochta a d'fhreagair don suirbhé ar líne:

- Scoil Naomh Aodhán, an Halla Bán
- Roinn an Ghnó, Coláiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí
- Meánscoil Naomh Bríd, Cill Airne
- Woodbrook College, Bré
- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Coláiste Fhearann an Choirce
- Pobalscoil Thuamhan
- Junior Achievement Ireland
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Roinn an Gnó, Meánscoil Mhuire, an tAonach.

Le linn an chomhairliúcháin, fuarthas cúig aighneacht scríofa ó na grúpaí agus eagraíochtaí seo a leanas:

- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC),
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),
- Cumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI),
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG),
- Mic léinn modheolaíocht Ghnó agus Eacnamaíochta i mBliain 2 den MGO in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG).

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment